# Gaeil Trasteorann



De bharr chomhoibriú idir **'Glór na Móna', Béal Feirste** agus **'Gaeilge Locha Riach i gContae na Gaillimhe**, d'éirigh leo duais trasteorann Ghlór na nGael a bhuachaint don dara bhliain as a chéile.

Tá an nasc idir na grúpaí seo neartaithe i rith an ama agus go leor samplaí den chomhoibriú l'imeachtaí an tsamhraidh. Mar chuid den chomhoibriú idir Ghaeil thuaidh agus theas, bhí cuairteoirí in Oirthear na Gaillimhe le linn **Scoil Ceoil an tSamhraidh**, **Féile Touhey** agus beidh teaghlach ann le haghaidh Campa Samhraidh Bhaile Locha Riach.

Bhí neart ceoltóirí ag múineadh agus ag glacadh páirte sa Scoil Ceoil agus cuid acu rann-pháirteach i bhFéile Touhey go háirithe.

Ag deireadh na seachtaine, dúirt **Cormac Ó Briain**, Oifigeach Gaeilge Ghlór na Móna gur thaitin imeachtaí na seachtaine go mór leo agus é ag súil go mór go mbeidh sé ábalta filleadh ar an cheantar arís.

Mar aon leis sin, bhí cuireadh tugtha do theaghlach amháin dul go Béal Feirste agus freastal ar Scoil Samhraidh Mhic Reachtain 20 – 25 Iúil. Bhí an oiread sin éileamh ar an chuireadh seo go raibh ar 'Gaeilge Locha Riach' crannchur a dhéanamh as.

Cuireadh teach trí sheomra codlata ar fáil mar lóistín don teaghlach agus fáilte freastal ar réimse leathan imeachtaí a bhí ar siúl le linn **Scoil Samhraidh Mhic Reachtain** ina raibh

dianchúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta, Campa Samhraidh do pháistí, Scannáin, Drámaíocht, Taispeántais, Ceardlanna Ceoil, Ealaíne agus Scéalaíochta. Bhí go leor seisiún ceoil, ceolchoirmeacha, ceilithe, siúlóidí agus cainteanna ar siúl le linn na seachtaine fosta.

Tuigtear go raibh saoire iontach ag Muintir Uí hAinín a raibh an t-ádh orthu freastal.

Ag labhairt ar an tsaoire, dúirt **Margaret Hannon** gurbh é seo an chéad uair a raibh an teaghlach i mBéal Feirste agus gur thaitin sé go mór leo a bheith sa cheantar. Chinntigh sí gur mór an spreagadh a fuair siad ó mhuintir Bhéal Feirste i dtreo na Gaeilge agus gur fhoghlaim siad go leor i rith na seachtaine. Luaigh sí fosta go raibh an t-am acu dul ar thuras lae go Clochán an Fháthaigh ar chósta Aontroma agus roinnt siopadóireachta a dhéanamh leis.




# Gaeil Trasteorann (Cross-Border Gaels)

As a result of the great co-operation between **'Glór na Móna'** of **Belfast** and **Gaeilge Locha Riach** of **Galway**, these groups won cross border national prize for the second year in a row.

Building on their links they have strengthened their relationship with a number of events over the summer. Musician and teachers from Belfast visited East Galway for the **Scoil Ceoil an tSamhraidh** and **Féile Touhey** pipers' festival. Another family from Belfast have now been invited to stay in the area for a fortnight during the Irish language Summer Camp in August.

At the end of the week-long events of traditional music, Cormac Ó Briain, Irish Language development officer of Glór na Móna, Belfast said that they had all enjoyed their stay and looked forward to being able to take part next year.

Glór na Móna invited a family from East Galway to Belfast for the McCracken Summer school. There was so much demand on this offer that 'Gaeilge Locha Riach' raffled the holiday as a prize. The use of a 3 bedroomed house was family accommodation as well as an open invite to take part in the wide progamme of events organized as part of the McCracken Summer School. Events included: Intensive Irish language classes for adults, Irish Summer Camp for children, films, drama, exhibitions as well as music, art and storytelling workshops.There was also a number of music sessions, concerts, ceilí's, walks and talks organized over the week.

The Hannon family from Loughrea thoroughly enjoyed their holiday and felt very lucky to have won the holiday. Speaking on the holiday, Margaret Hannon said it was the first time that they had ever been to Belfast and that they really enjoyed the experience. She said they were particularly encouraged to use Gaeilge by the Belfast folk and that they had learnt a lot over the week. They also had time to take a trip to the Giant's Causeway and do a bit of shopping.